# Treoir Gníomhaí
## ar na



# BUNTÁISTÍ EACNAMAÍOCHA LE hÉIRINN AONTAITHE

#Time4Unity
Am d'Aontacht

Sinn Féin

FEABHRA
2021
FEBRUARY

# Réamhrá

I mí na Samhna 2020 d'fhoilsigh Sinn Féin pléphháipéar dar teideal: 'Na Buntáistí Eacnamaíocha a bhaineann le hÉirinn Aontaithe.'

Is cloch mhíle thábhachtach é in ionchur an pháirtí sa díospóireacht fhásmhar ar reifreann a fháil ar Aontacht na hÉireann agus an reifreann sin a bhaint. Sa pháipéar tugtar faoi cheist ríthábhachtach an gheilleagair i gcomhthéacs theip na críochdheighilte agus na buntáistí a bheadh ann do shaoránaigh in Éirinn Aontaithe agus i ngeilleagar uile-oileáin.

Scaipeadh an páipéar 'Na Buntáistí Eacnamaíocha a bhaineann le hÉirinn Aontaithe' go leitheadach go pléadh é taobh istigh de Shinn Féin agus le cuid den phobal gnó. Fuair sé shuntasach ó na meáin freisin.

Tugtar faoi ann ar na saincheisteanna eacnamaíocha is ábhar imní iad do shaoránaigh in Éirinn chríochdheighilte agus tosaítear ann bealach chun tosaigh a bheartú.

# Comhthéacs

In 2021 tá sé 100 bliain ó rinneadh an chríochdheighilt, a chruthaigh stát apartheid i sé chontae oirthuaisceart na hÉireann. Tharraing an phaindéim agus cur i gcrích an Bhreatimeachta aird ar an dochar atá déanta ar Éirinn mar gheall ar an gcríochdheighilt.

Is treochlár don todhchaí é Comhaontú Aoine an Chéasta 1998. Leagtar amach ann bealach chun tosaigh trí na hinstitiúidí comhroinnte cumhachta; na comhlachtaí uile-oileáin; na 156 réimse comhoibrithe reatha.

Tá foráil ann freisin le haghaidh reifreann ar thodhchaí bhunreachtúil an oileáin, is é seo an cosán go hÉire Aontaithe.







**FOILSITHE AG**
**COISTE SHINN FÉIN UM ÉIRE AONTAITHE**

- Activist Guide on a United Ireland
- Ireland – the Handbook
- Activist Guide on the British Subvention to the North
- Economic Benefits of a United Ireland
- Activist Guide to the Economic Benefits to a United Ireland
- Unity News

Leaflets, including Uniting Ireland Activism For Elected Representatives

**Tuilleadh Eolais:**
https://www.sinnfein.ie/irish-unity
irish.unity@sinnfein.ie

# Buntáistí Eacnamaíocha a bhaineann le hÉirinn Aontaithe

I mí na Samhna 2020 d'fhoilsigh Sinn Féin a bpléphháipéar – Buntáistí Eacnamaíocha a bhaineann le hÉirinn Aontaithe Scrúdaítear sa pháipéar tionchar díobhálach na críochdheighilte. Sa Tuaisceart agus i réigiún na teorann bhí tionchar aimhleasach ag an gcríochdheighilt ar gach gné den saol, lena n-áirítear tuarastail, tithíocht, an geilleagar, soláthar sláinte, bochtaineacht, agus tá na sé chontae agus na contaetha cois teorann ó dheas íslithe go dtí stádas réigiún eacnamaíoch imeallach. Tá acmhainneacht eacnamaíoch an réigiúin seo agus geilleagar an oileáin uile teoranta mar gheall air seo.

Tá rialtais as diaidh a chéile i Londain ag séanadh rochtain ar chumhacht eacnamaíoch do na hinstitiúidí polaitiúla a cuireadh ar bun le Comhaontú Aoine an Chéasta. Coinníonn siad an smacht sin i Sráid Downing.

Is é an Tuaisceart an geilleagar is moille fás ar na hoileáin seo. Tá de thréith ag an margadh saothair go bhfuil níos lú pá agus seasmhachta ag baint le poist ná mar atá sa stát Éireannach ná sa Bhreatain. Saothraíonn timpeall 20% d'oibrithe níos lú ná bunphá maireachtála. Tá neamhéifeachtúlachtaí cánach agus eacnamaíocha ann de thoradh ar an gcríochdheighilt freisin.

In Na Buntáistí Eacnamaíocha a bhaineann le hÉirinn Aontaithe téitear i ngleic freisin le ceist an £10 mbilliún de fhóirdheontas na Breataine a deirtear a dhéantar don Tuaisceart agus inacmhainneacht Aontacht na hÉireann. Déantar spior spear ann de mhiontais faoin tsaincheist seo agus nochtar gur £6 bhilliún ar a mhéad atá san fhóirdheontas agus d'fhéadfadh sé a bheith níos gaire dá leath sin.

Léirítear sa doiciméad na buntáistí a bhaineann le hÉirinn Aontaithe; lena n-áirítear cumhachtaí cinnteoireachta eacnamaíocha atá bríoch agus cuntasach, i lámha ionadaithe tofa áitiúla; forbairt eacnamaíoch comhordaithe; deiseanna le haghaidh infheistíocht níos mó; agus fostaíocht níos fearr; agus ioncam cánach féideartha níos airde.

Rud ríthábhachtach, is é Éire Aontaithe an bealach ar ais isteach san Aontas Eorpach.

Scrúdaítear sa doiciméad freisin staitisticí airgeadais agus caiteachais phoiblí a léiríonn go bhfuil Éire Aontaithe inacmhainne dúinn. Agus déantar machnamh ann ar an ról is féidir leis an Aontas Eorpach a imirt chun Éire a aontú go rathúil.

Baineann sé lena chomhaontú conas a eagróimid agus a chomhroinnfimid ár dtodhchaí. Baineann sé lena aithint gur fód dúchais í Éire don iomad sin traidisiún agus daoine ó chúlraí éagsúla cultúrtha agus eitneach. Go háirithe is fód dúchais í do phobal aontachtach an Tuaiscirt.

Éire nua a theastaíonn uainn, Éire chomhroinnte, ina gcosnaítear saoirsí sibhialta agus reiligiúnacha cách; agus ina gcosnaítear gach traidisiún agus féiniúlacht, lena n-áirítear iad siúd atá Briotanach, Éireannach, nó ó áiteanna eile, cosanta faoin dlí.

Tá dualgas agus oibleagáid bhunreachtúil ar Rialtas na hÉireann ullmhúcháin a dhéanamh le haghaidh na hAontachta; chun na hargóintí eacnamaíocha a scrúdú; na gnéithe cultúrtha agus sóisialta; na dinimicí polaitiúla. Is fianaise é an tubaiste a eascraíonn ón mBreatimeacht gur gá pleanáil don todhchaí.



**PEARSE DOHERTY** TD
Urlabhraí Sinn Féin ar Airgeadas

# Treoir do Ghníomhaí ar Buntáistí Eacnamaíocha a bhaineann le hÉirinn Aontaithe

Tá an páipéar seo ceaptha a bheith ina threoir do ghníomhaithe. Tugtar achoimre ann ar na príomhphointí atá in na Buntáistí Eacnamaíocha a bhaineann le hÉirinn Aontaithe.

Baineann sé freisin le pointí achoimre agus grafaicí a thabhairt ar phríomhghnéithe de na Buntáistí Eacnamaíocha a bhaineann le hÉirinn Aontaithe ar féidir le hionadaithe tofa agus leis an bpáirtí a úsáid chun an cuspóir agus an clár oibre a bhaineann le Éirinn Aontaithe a chur chun cinn.



# Clár

RÉAMHRÁ .......... 2

COMHTHÉACS .......... 2

DÉANANN AONTACHT NA hÉIREANN CIALL .......... 6

COSTAS NA CRÍOCHDHEIGHILTE – EASNAMH DAONLATHAIS .......... 7

COSTAS NA CRÍOCHDHEIGHILTE – RÉIGIÚN TEORANN IMEALLACH .......... 9

COSTAS NA CRÍOCHDHEIGHILTE - AN BREATIMEACHT AGUS AN BEALACH AR AIS GO BALLRAÍOCHT AE .......... 11

COSTAS NA CRÍOCHDHEIGHILTE - ACMHAINNEACHT IOMLÁN AN GHEILLEAGAIR GHLAIS A FHORBAIRT .......... 13

IS ACMHAINN DÚINN ÉIRE AONTAITHE .......... 15

CÚRAM SLÁINTE IN ÉIRINN AONTAITHE .......... 17

IS FÉIDIR LINN ÉIRE A AONTÚ .......... 18

CONCLÚID .......... 20

AN MÉID IS FÉIDIR LE GNÍOMHAITHE A DHÉANAMH CHUN ÉIRE AONTAITHE A CHUR CHUN CINN .......... 22



# Déanann Aontacht na hÉireann ciall

Is fearr aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí phaindéim Covid 19, agus ghéarchéim na haeráide agus na bithéagsúlachta, le geilleagar Éireann Aontaithe ag feidhmiú ar a lánacmhainneacht'.

- Tá an geilleagar uile-oileáin ag fás.
- Bhí luach iomlán na trádála trasteorann níos mó ná €7 mbilliún in 2018.
- Agus rinne níos mó gnólachtaí trádáil ón Tuaisceart go dtí an Deisceart an bhliain sin, ná chuig duine ar bith eile seachas an Bhreatain.
- Ní bagairt ar bith é an t-athrú bunreachtúil d'aon duine.
- Cosnófar an fhéiniúlacht Bhriotánach in Éirinn Aontaithe.
- Is deis an ré nua deich mbliana - deis le haghaidh todhchaí níos rathúla agus níos cothroime do chách ar an oileán seo.

# Costas na Críochdheighilte – easnamh daonlathais

## SÉANANN AN CHRÍOCHDHEIGHILT

- féin-riail agus féinchinneadh náisiúnta
- rialú áitiúil ar airgeadas
  – Is é Bailiúchán Rátaí an t-aon uirlis fhioscach atá ag an bhFeidhmeannacht
- Pleanáil don Todhchaí
  – Ní cheadaíonn Westminster ach timthriallta buiséid bliantúla
- idirghabhálacha airgeadais saincheaptha áitiúla a fhorbairt
- Mar thoradh air seo tá drochfheidhmíocht eacnamaíoch sa Tuaisceart

Tá Coimisiún beartaithe ag an Aire Airgeadais Conor Murphy chun Iarracht a dhéanamh cumhachtaí fioscacha breise a aistriú ó thuaidh, is dócha diúltú ag Westminster

Coinníonn rialtas Londan smacht ar bheartas eacnamaíochta sa Tuaisceart. Feidhmíonn sé an chumhacht seo chun a fhéinleasa féin seachas leas shaoránaigh an Tuaiscirt.

Toradh amháin air seo go bhfuil an geilleagar is moille fás ar na hoileáin seo ag an Tuaisceart.

- Tá OTI (olltáirgeacht intíre) an duine sa Tuaisceart díreach 80% d'aschur an tsaoránaigh sa Bhreatain.
- Tá líon níos mó post ar phá íseal sa Tuaisceart ná i nDeisceart na hÉireann ná réigiún ar bith sa Bhreatain.
- Tá na poist seo ar na cinn is ísle pá i réigiún ar bith.
- Tá de ghné ag an margadh saothair sa Tuaisceart poist ar phá íseal agus níos lú seasmhachta ag baint le fostaíocht.
- Saothraíonn timpeall 20% d'oibrithe níos lú ná bunphá maireachtála.

# ASCHUR PER CAPITA IN ÉIRINN AGUS SA BHREATAIN, 2018

| | |
|---|---|
| Sasana | **£32,857** |
| Albain | **£29,660** |
| An Bhreatain Bheag | **£23,866** |
| Tuaisceart Éireann | **£25,981** |
| Deisceart Éireann (GNI*) | **€40,637** |

**Foinsí:**
https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/in/nie/in-mgnicp/ **- 2018 GNI***
**2018 population in Ireland -** https://www.-cso.ie/en/releasesandpublications/er/pme/populationandmigrationestimatesapril2018/#:~:text=The%20combined%20effect%20of%20natural,4.86%20million%20in%20April%202018.
https://www.ons.gov.uk/economy/grossdomesticproductgdp/bulletins/regionaleconomicactivitybygrossdomesticproductuk/1998to2018 **- 2018 GDP per capita Britain & North**

In Éirinn Aontaithe beidh rochtain iomlán ag na hionadaithe polaitiúla tofa díreach ag an bpobal ar chumhachtaí maidir le hairgead a thógáil ar iasacht, cáin agus infheistíocht. Léirítear le fianaise go bhfuil níos lú éifeachta ag baint leis na cumhachtaí seo nuair atá siad i lámha lucht ceaptha beartais atá fréamhaithe agus cuntasach.

Mar gheall air seo d'fhéadfaí straitéisí eacnamaíochta logánaithe saincheaptha a fhorbairt, lenarbh fhéidir díriú ar thionscail ard-bhreisluacha chun níos mó post níos fearr a chur ar fáil.

Tá curtha in iúl ag eacnamaithe an borradh i bpoist mhaithe le pá níos fearr is féidir a chur ar fáil trí athaontú na hÉireann.

Is féidir le hÉirinn aontaithe poist a chur ar fáil ar chaighdeán níos airde le seasmhacht níos fearr a bhfuil níos mó pá leo; is féidir caighdeáin mhaireachtála a fheabhsú agus níos mó éilimh a chruthú sa gheilleagar. Nuair a ardaíonn éileamh ardaíonn fostaíocht freisin mar riail ghinearálta.

Is féidir an t-ioncam breise féideartha cánach a úsáid ansin le haghaidh seirbhísí poiblí níos fearr, lena n-áirítear sláinte agus oideachas.

# Costas na Críochdheighilte – réigiún teorann imeallach

## BHÍ DE THORADH AR AN GCRÍOCHDHEIGHILT:

- Stádas imeallach - go háirithe do réigiún na teorann
- Dhá airgeadra éagsúla, dhá shraith maorlathais, forbairt as a chéile
- Iomaíocht idir gníomhaireachtaí Forbartha Eacnamaíochta
- Éifeachtaí i dtéarmaí bonneagair - bóithre agus leathanbhanda
- Teorainn le díol spéise an réigiúin do chuideachtaí FDI
- Dúshláin do chónaitheoirí teorann a bhfuil cónaí orthu i ndlínse amháin ach a oibríonn i ndlínse eile

Ó tharla an chríochdheighilt tá stádas 'imeallach' sannta go héifeachtach do réigiún na teorann, ag srianadh acmhainneacht eacnamaíoch i bpáirt shuntasach dár n-oileán agus, mar sin, de gheilleagar an oileáin uile.

Tá níos mó ná milliún saoránach ina gcónaí ar feadh na teorann.

Sa Stát Éireannach, clúdaíonn réigiún na teorann Dún na nGall, Sligeach agus Liatroim, anonn go Lú tríd an gCabhán agus Muineachán.

Sa Tuaisceart cuimsítear i réigiún na teorann Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin; Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí; Comhairle Lár Uladh; Comhairle Buirge Ard Mhacha, Dhroichead na Banna agus Craigavon; agus Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin.

Go loighciúil, ba cheart do phobail agus do gheilleagair áitiúla ar feadh cheantar na teorann a bheith go han-chomhtháite agus go han-chomhordaithe ar mhaithe lena n-earnálacha eacnamaíocha is mó; lena n-áirítear an talmhaíocht, an tógáil, an fáilteachas agus an turasóireacht.

Ina áit sin bhris an chríochdheighilt na geilleagair seo a bhí comhtháite go stairiúil agus chuir sí deighilt i bhfeidhm, amhail dhá airgeadra éagsúla, bonneagar bóithre agus leathanbhanda faoi chaighdeán agus dhá stát in iomaíocht le chéile le haghaidh infheistíochta agus gníomhaíocht eacnamaíoch.

Is é an toradh air sin forbairt eacnamaíoch trína chéile agus neamhchomhlíonta.

Tá tionchar díobhálach eacnamaíoch na críochdheighilte le feiceáil go soiléir sa dá ghraf thíos, ina nochtar laige gheilleagar an Tuaiscirt, go háirithe cheantar na teorann i gcomparáid leis an stát ó Dheas.

**Breisluach Iomlán Per Capita de réir Phoblacht na hÉireann agus Fho-Réigiún TÉ 2014 mar % den AE**

**Foinse:** CSO (2018a) & ONS (2017b)

| Réigiún/Stát | % den Mheán AE15 |
|---|---|
| Baile Átha Cliath | 208.6 |
| Iardheisceart | 156.8 |
| Béal Feirste | 136.8 |
| **Poblacht na hÉireann** | **128.0** |
| Iarthar Láir | 97.9 |
| Oirthear Láir | 91.3 |
| Iarthar | 90.6 |
| Oirdheisceart | 85.0 |
| **TÉ** | **75.0** |
| Oirthear TÉ | 70.0 |
| Lár Tíre | 63.8 |
| Iarthar agus Deisceart TÉ | 63.4 |
| Imeall Bhéal Feirste | 61.1 |
| Teorainn | 60.5 |
| Tuaisceart TÉ | 58.2 |

**Breisluach Iomlán Per Capita de réir Phoblacht na hÉireann agus Fho-Réigiún TÉ 2014 mar % den Mheán Réigiúnach Uile-Éireann**

**Foinse:** CSO (2018a) & ONS (2017b)

| | |
|---|---|
| 185 | Baile Átha Cliath |
| 139 | Iardheisceart |
| 121 | Béal Feirste |
| 87 | Iarthar Láir |
| 80 | Iarthar |
| 75 | Oirdheisceart |
| 62 | Oirthear TÉ |
| 57 | Lár Tíre |
| 56 | Iarthar agus Deisceart TÉ |
| 54 | Imeall Bhéal Feirste |
| 54 | Teorainn |
| 54 | Tuaisceart TÉ |

Léirítear neamhéifeachtúlacht na críochdheighilte freisin sna fadhbanna atá ag na 25,000--30,000 duine atá ina gcónaí ar thaobh amháin den teorainn agus a oibríonn ar an taobh eile. Trína gcuid oibre íocann na saoránaigh seo cáin sa chóras ina bhfuil siad ag obair ach ansin úsáideann siad na seirbhísí poiblí agus an bonneagar san áit ina bhfuil siad ina gcónaí. Chuirfeadh aontacht na hÉireann deireadh leis an aimhrialtacht seo agus dhéanfaí bainistiú ar an ioncam cánach a ghinfí ar bhealach níos éifeachtúla.

Tá réigiún na teorann i sáinn ag an gcríochdheighilt i bhfáinne fí. Teastaíonn ó cheantair fhorimeallacha infheistíocht phoiblí chun bonneagar a fheabhsú, rud a fheabhsaíonn ar a sheal an táirgiúlacht agus a spreagann níos mó infheistíochta agus gníomhaíochta eacnamaíoch. Gan an infheistíocht phoiblí seo, ní tharlaíonn an fhorbairt seo.

Mar gheall ar athaontú na hÉireann d'fhéadfaí forbairt níos comhordaithe agus níos straitéisí a dhéanamh ar fud an oileáin agus go háirithe i réigiún na teorann, ag tarraingt níos mó infheistíochta, táirgiúlacht níos fearr, agus leis sin bonneagar riachtanach feabhsaithe. Tugann sé seo sochair shuntasacha eacnamaíocha trí fháltais ioncaim phoiblí, méaduithe san aschur ar an iomlán, agus treisithe san fhostaíocht ardscileanna.

Ach acmhainneacht eacnamaíoch iomlán réigiún uile an oileáin a dhíghlasáil, is féidir le haontacht na hÉireann ioncam cánach iomlán atá ar fáil don stát a fheabhsú, agus mar sin na cistí atá ar fáil le haghaidh infheistíocht phoiblí a neartú.

# Costas na Críochdheighilte – an Breatimeacht agus an bealach ar ais go ballraíocht AE

## CUIREANN AN BREATIMEACHT AN GEILLEAGAR UILE-OILEÁIN I MBAOL

- Tá tionchar aige cheana féin sa tuaisceart - laghdú ar raon táirgí agus sna taraifí ollmhóra ó dheas ar earraí ón mBreatain
- Tionchar ar iompróirí
- Is riachtanas eacnamaíoch anois éifeachtaí diúltacha Brexit a aisiompú

Chruthaigh Comhaontú Aoine an Chéasta na coinníollacha inar féidir leis an gcuid is mó daoine atá ag maireachtáil i gceantair na teorann neamhaird a dhéanamh ar an teorainn agus iad i gceann a saoil. Thacaigh AE le comhoibriú agus comhtháthú Thuaidh Theas de thoradh ar phróiseas na síochána agus Chomhaontú Aoine an Chéasta.

Tá Comhaontú an Aistarraingthe agus an Prótacal Éireannach – lena n-áirítear teorann Mhuir Éireann – a tháinig in éifeacht ar an 31 Nollaig tar éis an tírdhreach eacnamaíoch a athrú ar na hoileáin seo.

Tá an iomad gné d'aistarraingt na Breataine ó AE fós le réiteach.

Ach ag an am seo tá earraí ag gluaiseacht ón tuaisceart go dtí an deisceart clúdaithe ag cód custaim AE, agus beidh roinnt rialacha den mhargadh aonair i bhfeidhm freisin chun teorainn chrua a sheachaint.

Tá sé seo tábhachtach. In 2018 bhí trádáil trasteorann i measc fiontair bheaga agus mheánmhéide níos airde ná riamh agus luacháladh é ag £6.5 billiún. Ar an iomlán an bhliain sin luacháladh gach trádáil trasteorann ag €7.384 billiún.

Léirítear le figiúirí freisin go bhfuil líon níos mó gnólachtaí sa tuaisceart ag trádáil ón tuaisceart go dtí an deisceart ná go dtí áit ar bith eile, an Bhreatain san áireamh – trádálann 8,631 ghnólacht ón tuaisceart go dtí an deisceart i gcomparáid le 8,147 ngnólacht ag trádáil ón Tuaisceart go dtí an Bhreatain. Tá seo amhlaidh in ainneoin na ndeacrachtaí go léir a bhaineann leis an teorainn. Samhlaigh an acmhainneacht dá mbainfí ar shiúl na bacainní seo go léir.


Is fianaise é seo go n-aithníonn daoine anois acmhainneacht uathúil an gheilleagair uile-Éireann. Is aitheantas é freisin ar scála an chuir isteach ón mBreatimeacht.

## STAITISTICÍ AR THRÁDÁIL EARRAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ AR OILEÁN NA HÉIREANN TRASTEORANN

**Trádáil Trasteorann Iomlán**

# €7.384bn

Sonraí uile 2018




I mí Aibreáin 2017 d'fhógair AE má tharlaíonn Aontú na hÉireann ní bheadh ar oileán na hÉireann ballraíocht a athchaibidliú. Beidh Éire Aontaithe ina ballstát de AE go huathoibríoch. Cé go gcáineann Sinn Féin cáineadh ar ghnéithe de bheartas an Aontais Eorpaigh, is geal linn an gealltanas go dtugann Aontacht bealach uathoibríoch ar ais.

Mar gheall ar aontacht na hÉireann beidh an Tuaisceart in ann tairbhe iomlán a bhaint as ballraíocht AE, lena n-áirítear rochtain ar an margadh Eorpach agus ar dheiseanna maoinithe agus infheistithe nach beag atá ar tairiscint trí chláir agus institiúidí AE.

## IN AIBREÁN 2017

"Admhaíonn i ráiteas na Comhairle Eorpaí go ndéantar foráil go sainráite i gComhaontú Aoine an Chéasta do mheicníocht chomhaontaithe trínar féidir Éire aontaithe a thabhairt i gcrích trí mhodhanna síochánta agus daonlathacha; agus maidir leis seo, admhaíonn an Chomhairle Eorpach, i dá réir sin, de réir an dlí idirnáisiúnta, bheadh an chríoch iomlán mar chuid den AE."

# Costas na Críochdheighilte – acmhainneacht iomlán an gheilleagair ghlais a fhorbairt




In 2017 tháirg oileán na hÉireann 80 milliún tonna de Dé-ocsaíd Charbóin (C02). De réir an Phainéil Idir-Rialtasach ar Athrú Aeráide (IPCC) - comhlacht na Náisiún Aontaithe chun an eolaíocht a bhaineann le hathrú aeráide a mheas - ní mór don domhan é seo a laghdú go glan-astaíochtaí nialasacha faoi 2050 ar a dhéanaí.

**Foinse:**
IPCC (https://www.ipcc.ch/2018/10/08/summary-for-policymakers-of-ipcc-special-report-on-global-warming-of-1-5c-approved-by-governments/)
EPA (https://www.epa.ie/pubs/reports/air/airemissions/ghg/nir2019/Ireland%20NIR%202019_Final.pdf)
NAEI (https://naei.beis.gov.uk/reports/reports?section_id=4)

Is é an t-athrú aeráide an bhagairt aonair is mó ar an gcine daonna inniu.

Ar fud an domhain táimid ag maireachtáil tríd an séú olldíothú i stair an domhain, le milliún speiceas uathúil faoi riosca.

Áitíonn roinnt daoine go bhfuil an fhéidearthacht ann go bhfuil roinnt de theorainneacha leochaileacha an domhain sáraithe againn, lena n-áirítear athrú aeráide, caillteanas bithéagsúlachta, agus timthriall na nítrigine.

Comhaontaíonn eolaithe go bhfuilimid faoi láthair ar an mbóthar go dtí leibhéil thubaisteacha téimh dhomhanda, a d'fhéadfadh codanna dár bpláinéad a fhágáil nach féidir maireachtáil iontu.

I mbeagán focal, chun an bpláinéad is baile dúinn a chaomhnú do na glúine atá ag teacht, teastaíonn gníomhaíocht radacach uainn chun dul i ngleic le cliseadh aeráide, agus ní mór dúinn sin a dhéanamh go tapa.

Éileoidh seo go léir leibhéil d'infheistíocht agus d'athrú córasach nach raibh ann riamh roimhe.

Ach ciallaíonn an chríochdheighilt nach raibh oileán na hÉireann ábalta a chur chuige i leith dul i ngleic leis an ngéarchéim seo a chomhordú.

Go dearfa, níl na bunchumais a bhíonn ar fáil do stát ar bith chun acmhainní a thabhairt le chéile chun dul i ngleic le cliseadh aeráide, is é sin cumhachtaí fioscacha, i lámha ionadaithe tofa sa Tuaisceart.

Tá an stát Éireannach ar cheann de bheagán laistigh den Aontas Eorpach ar theip orthu a spriocanna in 2020 maidir le hastaíochtaí a laghdú a bhaint amach. Bhí do thoradh air sin gurbh éigean don stát fíneálacha móra a íoc.

Ciallaíonn an chríochdheighilt go laghdófar go mór na buntáistí a bhaineann le trasdul go geilleagar nialas carbón, mar feidhmíonn an dá gheilleagar againn dhá chlár oibre eacnamaíoch éagsúla agus tá siad in iomaíocht le haghaidh infheistíocht phríobháideach le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh.

Tá Sinn Féin tiomanta don cheartas aeráide agus trasdul cóir d'oileán na hÉireann go dtí geilleagar nialas carbón.

Is é aontacht na hÉireann an bealach is fearr chun na buntáistí a bhaineann le trasdul go geilleagar glas a réadú.

Chun oibleagáidí aeráidí a chur i gcrích agus sochaí neodrach ó thaobh carbóin a bhaint amach faoi 2050, mar a éilítear de réir na heolaíochta aeráide, teastaíonn raon ollmhór post glas ardscile uainn, agus a líon a mhéadú go tapa, sa tógáil, iompar poiblí, aisfheistiú, taighde & forbairt teicneolaíochtaí nua, athchóiriú agus caomhnú dúlra, athléimneacht chomhshaoil, agus forbairt beartais, i measc rudaí eile.

Éire Aontaithe is fearr chun iad seo a chur ar fáil.

# Is acmhainn dúinn Éire Aontaithe



- Is minic a chuireann an fóirdheontas nó an blocdheontas astop le comhrá sa díospóireacht seo
- De réir staitisticí oifigiúla Rialtas na Breataine tá anfóirdheontas ag £10bn
- I ndáiríre, bunaithe ar staitisticí oifigiúla Rialtas na Breataine, an fíor tá luach áit éigin idir £2.5 - £6 billiún
- Dhéanfadh an toradh eacnamaíoch as an dá gheilleagar a aontú ar an oileán níos mó ná cailliúint an fhóirdheontais
- Aontaíonn eacnamaithe mar Kurt Hubner agus David McWilliams

Maítear gurb ionann 'fóirdheontas' na Breataine – is é sin an difríocht idir an t-ioncam a thógtar agus an t-airgead a chaitear sa Tuaisceart – agus £10 mbilliún. Is miotas é seo.

Ba é caiteachas iomlán sa Tuaisceart in 2018-19 £27.9 billiún.

Ba é ioncam iomlán a tógadh an bhliain sin £18.5 billiún.

B'ionann ioncam ó cháin chorparáideach nár áiríodh agus £500 milliún.

Ciallaíonn sé seo gurbh ionann an t-ioncam iomlán a tógadh sa tuaisceart agus an bhliain sin ag £19 mbilliún.

Is ionann an fóirdheontas, mar a ghlaoitear air, agus timpeall £9 mbilliún. Ach níl iontu seo ach staitisticí ceannlíne, agus caithfear iad a fhiosrú a thuilleadh.

Má bhainimid den fhigiúr seo caiteachas ar fhórsaí míleata na Breataine agus ar chosaint, seirbhísiú ar fhiachas na Breataine agus caiteachas thar sáile, titeann an fóirdheontas go £6 bhilliún.

Chomh maith leis sin, is ionann an bille le haghaidh pinsean agus £3.5 billiún. Is teidlíochtaí iad seo atá fabhraithe cheana féin ag daoine trína ranníocaíochtaí árachais náisiúnta.

Le linn na díospóireachta ar Neamhspleáchas na hAlban in 2014, ghlac Aire Pinsean an ama úd sa Bhreatain, Steve Webb (an 7 Bealtaine 2014) go bhfuil "cearta carntha isteach i gcóras na Ríochta Aontaithe" ag saoránaigh na hAlban.

Ciallaíonn sé seo go bhféadfadh an figiúr fóirdheontas deiridh a bheith chomh híseal le £2.5 billiún.

Ar ndóigh, deimhneofar seo go léir trí idirbheartaíocht.

(***Le haghaidh scrúdú níos mionsonraí féach Aguisín I in Buntáistí Eacnamaíocha a bhaineann le hÉirinn Aontaithe***)

# NÍOR CHEART DÚINN RADHARC A CHAILLEADH ACH AN OIREAD AR NA NITHE DEARFACHA EACNAMAÍOCHA A D'EASCRÓDH Ó ÉIRINN AONTAITHE.

**1**

Tá tacaíocht don chás go rachadh an aontacht chun leasa gheilleagar an oileáin agus a mhuintire ar fad le fáil sa pháipéar piarmheasúnaithe a d'fhoilsigh an tOllamh Kurt Huebner ó Ollscoil Vancouver i mí na Samhna 2015 dar teideal **'Modeling Irish Unification'**. Baineadh de thátal as gur dócha go mbeadh borradh mór i dtorthaí eacnamaíocha mar thoradh ar aontacht na hÉireann agus ioncaim Thuaidh agus Theas, agus an cás aontaithe is iomaíche ag meas go mbeadh borradh € 35.6 billiún in OTI an oileáin thar thréimhse ocht mbliana. Sin mead €5,500 sa bhliain an duine Thuaidh agus Theas i ngach ceann de na blianta sin.

**2**

I dtuarascáil eile a foilsíodh i mí na Samhna 2018, d'fhéach Kurt Huebner agus Renger Herman Van Nieuwkoop ar thionchar eacnamaíoch an Bhreatimeachta agus aontacht na hÉireann Sa Tuarascáil - **'Costais an Neamh-Aontaithe: Breatimeacht agus Aontacht na hÉireann'** - baineadh de thátal as go bhféadfadh an Tuaisceart leas a bhaint athaontú na hÉireann idir seo agus 2025 de luach beagnach € 18 billiún agus an Deisceart faoi € 5-6 billiún.

Déantar amach sa deireadh gurb é aontú **"an t-aon rogha le glanéifeachtaí dearfacha"**. Is é an t-aon réiteach inbhuanaithe fadtéarmach ar ghéarchéim na mblianta fada a cruthaíodh de bharr na críochdheighilte, agus an géarchéim reatha cruthaithe ag an mBreatimeacht.

Creideann an Dr Heubner go dtiocfaidh an **"dinimic"** atá riachtanach as an athaontú a mbeidh táirgiúlacht níos mó, aschur níos airde agus infheistíocht mhéadaithe mar thoradh air agus go mbeidh eacnamaíocht na haontachta do mhuintir na tíre seo inmharthana dá réir.

**3**

I mí Iúil 2018 i dtuarascáil a rinne Gunther Thurmann, a d'oibrigh sa Deasc Gearmánach den Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) le linn athaontú na Gearmáine, in éineacht leis An Seanadóir Mark Daly ó Choiste Forfheidhmithe Aoine an Chéasta, dar teideal **'Ioncam agus Caiteachas Thuaisceart Éireann i gcás Athaontaithe'**

Ba é an tátal a baineadh as nach mbeadh an Tuaisceart ina spleáchríoch airgeadais dá mbeadh Éire Aontaithe ann.

Dúradh go sábhálfadh na Sé Chontae £ 8.5bn sa bhliain trí stát na Breataine a fhágáil agus athaontú a dhéanamh leis an gcuid eile den tír. D'fhéadfadh sé seo an geilleagar iomlán na Sé Chontae a athrú ó bhun go barr.

**4**

I leabhar David McWilliams ',' **Renaissance Nation** ', deir sé:" **"There is much talk about the UK's subvention to Northern Ireland and how the Republic could not afford the North. When you look at the numbers it becomes clear that this is just that - talk."**

Cuireann McWIlliams in iúl gur infheistigh corparáidí Meiriceánacha idir 1998 agus 2014 os cionn € 310bn sa Deisceart. **"[This is the] equivalent to 38 years of the British government's annual subvention to keep the North afloat."**

Scríobh sé fosta: **"When expressed as a percentage of national income, which is the normal way financial markets access whether national expenditure is sustainable or not, Northern Ireland would cost less than 4% of the Irish Republic's GDP annually."**

Laghdófaí é seo a thuilleadh nuair a chomhcheanglaíonn tú an OTI Thuaidh agus Theas faoi seach.

Is é an tátal a bhain sé as: **"In short, in pure budgetary terms, there is little doubt that the Republic's economy could absorb the North, even before the commercial dynamism of unification kicks in."**

# Cúram Sláinte in Éirinn Aontaithe

Saincheist amháin a tarraingíodh anuas de thoradh ar an díospóireacht atá ag dul i méad maidir le hÉirinn Aontaithe is é sin cad a tharlóidh don tSeirbhís Sláinte.

Faoi láthair, tá dhá sheirbhís sláinte ar an oileán:

- Tá an tSeirbhís Sláinte sa Deisceart ina mheascán príobháideach agus poiblí, mar a gcaithfidh a lán úsáideoirí íoc as rochtain ar dhochtúirí ginearálta agus ar roinn éigeandála trí chlúdach árachais nó le hairgead tirim.
- Sa Tuaisceart tá an NHS tearcmhaoinithe agus gan ar acmhainní. Mar gheall ar chiorruithe de chuid rialtas na dTóraithe le blianta beaga anuas tá an NHS tollta amach.
- Ina ainneoin seo agus mar gheall ar thiomantas na foirne cuireann an NHS fós seirbhís ar chaighdeán maith ar fáil atá saor in aisce ag an bpointe seachadta.
- Mar gheall ar an bpaindéim tá aird tarraingthe ar na deacrachtaí a bhaineann le dhá sheirbhís sláinte a bheith ar oileán chomh beag le hÉirinn.
- Tá níos mó ná milliún duine ina gcónaí ar feadh na teorann agus tá a fhios acu go rímhaith na deacrachtaí is féidir a bheith ag baint le rochtain a fháil ar an gcúram sláinte is gaire má tá an t-ospidéal nó an t-otharcharr is gaire duit achar beag ar shiúl ar an taobh thall den teorainn.
- De thoradh air sin, is tosaíocht do dhaoine sa Tuaisceart é seirbhís sláinte phoiblí a chur ar fáil, agus ba gheal le saoránaigh sa Deisceart é.
- Tá comhoibriú trasteorann maidir le sláinte ar siúl cheana féin. Mar shampla, tá comhoibriú agus comhroinnt sláinte ar siúl i seirbhísí radaiteiripe agus cairdiacha péidiatracha, cur chun cinn sláinte ag díriú ar alcól, tobac agus murtall, taighde ailse, meabhairshláinte agus cosc ar fhéinbhás
- Tacaíonn na páirtithe polaitiúla go léir le Bengoa agus Sláintecare ina ndlínsí, molann siad athchóiriú mór sláinte thar thréimhse deich mbliana lena n-éascódh comhtháthú an dá chóras seo amach anseo.
- Tá caiteachas in aghaidh an duine sa Deisceart níos mó na sa Tuaisceart – le toil pholaitiúil tá forbairt seirbhíse sláinte uile-Éireann indéanta.
- Is fianaise iad Buntáistí Eacnamaíocha a bhaineann le hÉirinn Aontaithe agus an treoir reatha do ghníomhaithe go bhfuil sé d'acmhainn ag Éirinn Aontaithe seirbhís sláinte phoiblí a bheith aici.
- Bheadh seo ina thosaíocht do rialtas faoi cheannasaíocht Shinn Féin.

# IS FÉIDIR LINN ÉIRE A AONTÚ

Bhí am ann nuair a measadh Éire aontaithe a bheith ina dúil gan fháil.

Cuireadh stát an Tuaiscirt ar bun le móramh aontachtach ó fhréamh ann a síleadh a bheadh buan.

Tá athbhreithniú déanta air seo mar gheall ar athruithe déimeagrafacha agus polaitiúla.

Cor cinniúna a bhí i ndaonáireamh 2011 in aistear polaitiúil an Tuaiscirt.

Den chéad uair fiafraíodh de shaoránaigh faoine bhféiniúlacht pholaitiúil. D'fhéinaithin níos lú ná leath na ndaoine (48%) mar Bhriotanach.

In 2016 vótáil 56% de vótálaithe sa Tuaisceart chun fanacht laistigh den Aontas Eorpach.

Sna cúig thoghchán dheireanacha chaill aontachtas an móramh toghchánach a bhí aige ó 1921 i leith.

In 2019 toghadh John Finucane ina fheisire parlaiminte do Bhéal Feirste Thuaidh, suíochán sábháilte Aontachtach ó 1921 i leith.

I mBéal Feirste tá feisire parlaiminte aontachtach amháin as measc ceathrair.

In Westminster tá anois 9 suíochán phoblachtacha nó náisiúnacha agus 8 suíochán aontachtacha.

Tá an t-aontachtas anois ina mhionlach sa Tionól ag Stormont.



In 2020 tháinig Sinn Féin chun cinn mar an páirtí is mó sa Deisceart de réir scair vóta.

Is í Mary Lou McDonald Ceannaire an Fhreasúra.

Is athruithe suntasacha ollmóra polaitiúla iad seo.

D'fhéadfadh an tAontas Eorpach ról a imirt in athaontú na hÉireann.

Is conradh atá faofa ag an Aontas Eorpach é Comhaontú Aoine an Chéasta, a bhfuil próiseas an athaontaithe ag brath air, agus chuir an Coimisiún Eorpach agus na 27 mballstát é ag croílár na hidirbheartaíochta le rialtas na Breataine i leith an Bhreatimeachta. Tá dea-thoil ann is féidir tairbhe a bhaint aisti amach anseo de réir mar a théann an díospóireacht ar Aontacht na hÉireann i ndéine.

# Conclúid

Tá ceist Aontacht na hÉireann anois ina príomhthopaic phléite in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

Is é ár n-aidhm agus sinn ag foilsiú an doiciméid seo eolas a dhéanamh don phlé sin maidir le fíricí ábhartha faoi na buntáistí eacnamaíocha a bheidh ann mar gheall ar Éirinn athaontaithe, agus cur leis an éileamh ar Reifreann a ghealltar i gComhaontú Aoine an Chéasta.

Ní ceist é a bhaineann le cé acu is acmhainn nó ní hacmhainn dúinn Aontacht na hÉireann. Is é an fhírinne é nach acmhainn dúinn an chríochdheighilt.

Is é aontacht na Éireann agus geilleagar uile-oileáin an bealach is fearr le hÉirinn rathúil a thógáil.

D'fhéadfadh buntáistí mór a bheith geilleagar Éireann aontaithe maidir le bonneagar, infheistíocht, cáin agus fostaíocht.

Is fearr aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí phaindéim Covid 19, agus ghéarchéim na haeráide agus na bithéagsúlachta, le geilleagar Éireann Aontaithe ag feidhmiú ar a lánacmhainneacht'.

Táimid ag crosbhealach. Tá sé in am machnamh domhain a dhéanamh ar threo agus cruth an oileáin amach anseo. Ní mór dúinn deireadh a chur leis an gcríochdheighilt agus á n-acmhainneacht shóisialta agus eacnamaíoch a scaoileadh

Anois an t-am le tosú ag pleanáil chun na buntáistí eacnamaíocha seo, agus buntáistí níos leithne an athaontaithe.

Ciallaíonn sé sin pleanáil le haghaidh an reifrinn ar Aontacht a ndéantar foráil dó i gComhaontú Aoine an Chéasta.

Níl Sinn Féin leo féin á rá sin.

Le míonna beaga anuas d'fhoilsigh institiúidí acadúla iomráiteacha agus Ireland's Future roinnt páipéar tábhachtach. Tarraingítear aird iontu go léir ar an ngá le pleanáil le haghaidh reifrinn agus pleanáil le haghaidh Aontachta agus caithfear seo tosú anois.

D'fhoilsigh Ollscoil Uladh Deliberating Constitutional Futures [Todhchaí Bhunreachtúil a Bhreithniú], ina scrúdaítear na hargóintí timpeall ar thodhchaí bhunreachtúil fhéideartha, lena n-áirítear reifreann ar aontacht.

D'fhoilsigh Aonad Bunreachta Choláiste Ollscoile Londan tuairisc eatramhach óna Working Group on Unification Referendums on the Island of Ireland [Meitheal Oibre ar Reifrinn Aontaithe ar Oileán na hÉireann].

Sa tuairisc tugtar faoin tsaincheist cad a bheadh i vóta buacach. Deirtear inti gurb í an tairseach le haghaidh “an reifrinn athaontaithe sa Tuaisceart *‘’tromlach phobal Thuaisceart Éireann ag vótáil’. Sháródh sé an Comhaontú tairseach níos airde ná 50% + I a éileamh. Sa Deisceart, éilítear tromlach simplí freisin chun reifrinn bhunreachtúla a fhaomhadh.”*

Rud atá ríthábhachtach, tarraingíonn údair na tuairisce aird ar an gcontúirt a bhaineann le haon teip pleanáil le haghaidh reifreann aontachta.

Deir siad: *“Léiríonn na blianta achrainn tar éis vótáil na Ríochta Aontaithe ar bhallraíocht san Aontas Eorpach in 2016 na contúirtí a bhaineann le vóta a ghairm gan pleanáil imleor.”* Mar chuid den phróiseas réamhphleanála seo éilítear sa tuairisc go mbunófaí Tionóil Saoránach mar chabhrú chun tuairimí daoine a dheimhniú maidir le roghanna ba chóir a bheith ar fáil in aon reifreann.

Deirtear chomh maith: *“Léirítear leis na critéir seo go léir an tábhacht a bhaineann le réamhphleanáil: na bpróiseas reifrinn; agus maidir le cruth Éireann Aontaithe, nó Aontas ag leanúint ar aghaidh.”*

I mí na Nollag 2020 d’fhoilsigh Ireland’s Future – grúpa de náisiúnaithe sibhialta mór le rá – doiciméad plé dar teideal: *The Conversation on Ireland’s Future. A Principled Framework for Change [An Comhrá ar Thodhchaí na hÉireann.* Creat ar Bonn Prionsabail le haghaidh an Athraithe]. Pléitear sa pháipéar seo le sraith de phríomhcheisteanna maidir le próiseas an reifrinn ar aontacht.

Tá píosaí curtha leis freisin ó dhaoine eile lena n-áirítear iarcheannaire DUP Peter Robinson, an FP Gavin Robinson DUP, an t-iarfheisire parlaiminte Trevor Lunn ó Pháirtí na Comhghuaillíochta agus an tráchtaire Alex Kane, a aithníonn go dtarlóidh an Reifreann agus gur bheart don Aontachtachas tosú ar ullmhúcháin. Cuirimid fáilte roimh na hidirghabhálacha seo.

Mar sin ní mór tús a chur anois le pleanáil le haghaidh reifreann ar aontacht agus cruth Éireann nua a eascróidh ón bpróiseas a phleanáil.

Mar a deir Ireland’s Future: *“Ní thagann siad salach ar a chéile Comhaontú Aoine an Chéasta a fheidhmiú, ina chodanna uile, agus pleanáil do na reifrinn a chinnfidh todhchaí na hÉireann. Tá na daoine sin a chuireann ‘deighilteach’ agus ‘contúirteach’ mar lipéid ar an bpróiseas seo go díreach ag spreagadh scaipeadh na heagla agus na himní.”*

# AN MÉID IS FÉIDIR LE GNÍOMHAITHE A DHÉANAMH CHUN ÉIRE AONTAITHE A CHUR CHUN CINN

Cuir tú féin ar an eolas faoi na príomhphointí agus na sonraí maidir le hAontacht na hÉireann ionas gur féidir leat a mhíniú chomh maith agus is féidir cén fáth a ndéanann Éire Aontaithe ciall.

Bíodh an comhrá agat le do theaghlach, do chairde agus comhghleacaithe oibre faoi Aontacht na hÉireann.

Labhair le gníomhaithe eile páirtí faoi chruinniú poiblí/ar líne i do phobal. (Is féidir le Coiste um Éire Aontaithe cainteoirí a chur ar fáil.)

Déan teagmháil le daoine eile i d'earnálacha spóirt/gnó/ealaíon/pobail chun a fheiceáil cé a bhraitheann gurb í an aontacht an todhchaí is fearr d'Éirinn agus pléigh conas is féidir libh le chéile an reifreann ar aontacht agus Aontacht na hÉireann a chur chun cinn.



# AN MÉID IS FÉIDIR LE GNÍOMHAITHE A DHÉANAMH CHUN ÉIRE AONTAITHE A CHUR CHUN CINN



Bí páirteach sna díospóireachtaí ar Aontacht na hÉireann atá ar siúl cheana féin ar líne agus sna meáin shóisialta, e.g. grúpaí ar nós Ireland’s Future.

Úsáid na meáin shóisialta chun aontacht a chur chun cinn mar an todhchaí is fearr d’Éirinn.

Scríobh litreacha chuig do mheáin áitiúla agus chuig foinsí náisiúnta ag tacú le hAontacht na hÉireann.

Tóg fógra i do nuachtán réigiúnach.

Déan stocaireacht leis na hionadaithe tofa úd nach bhfuil seasamh poiblí acu ar Aontacht agus tabhair orthu tacú léi.

Tacaigh leis an éileamh ar Thionól Saoránach chun Éire aontaithe nua agus comhaontaithe a phlé agus chun díospóireacht a dhéanamh fúithi.

#Time4Unity

Am d'Aontacht

Economic Benefits of a United Ireland

Buntáistí Eacnamaíocha le hÉirinn Aontaithe